**Réasúnaíocht**

**Ábhair**

**Boinn a Ghlanadh**

**Ceisteanna atá dírithe ar scileanna:**

An féidir leis na daltaí tátal a bhaint as a gcuid fianaise?

An féidir leis na daltaí plé a dhéanamh ar an modh as ar bhain siad úsáid agus ar an gcaoi a bhféadfaí é a fheabhsú?

| **Táscairí Measúnaithe** | | |
|---|---|---|
| **Scileanna ag teacht chun cinn**<br>Tá an foghlaimeoir in ann: | **Forbairt á déanamh ar na scileanna**<br>Tá an foghlaimeoir in ann: | **Níos faide ar aghaidh leis na scileanna**<br>Tá an foghlaimeoir in ann: |
| • Labhairt faoi na rudaí a rinne sé agus a rá cad é a tharla do na boinn.<br>• Na substaintí a chur i gcomparáid lena chéile agus a rá cé acu is fearr nó is measa. | • Comparáid a dhéanamh idir na substaintí bunaithe ar a chuid fianaise féin.<br>• Tosú ag cur torthaí i gcomparáid le torthaí na ngrúpaí eile.<br>• Moladh a dhéanamh chun an modh a fheabhsú, nuair a spreagtar é, m.sh.: *Ní mór dúinn an méid ama a fhágtar an tsubstaint a thaifeadadh, ní mór an méid céanna salachair a bheith ar gach bonn, an bhfuil aon rud againn is féidir a úsáid lena chinntiú go bhfuil an méid céanna anlainn orthu?* | • Comparáid ghinearálaithe a dhéanamh idir na substaintí, m.sh.: *is fearr a ghlanann na substaintí láidre, ionsaíonn na substaintí aigéadacha an salachar, bheadh muid in ann an salachar a bhaint dá bhféadfaimis é a chur ag coipeadh.*<br>• Iontaofacht na dtorthaí a cheistiú, agus a thabhairt faoi deara gur gá feabhas a chur ar chothroime na comparáide. |

Tasc arna chur in oiriúint ó TAPS le caoinchead